Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

13386/25

SOC 632
ANTIDISCRIM 88
FREMP 255

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12742/25 |
| Ábhar: | Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas tríd an maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn<br>- *Formheas* |

1. D'ullmhaigh an Uachtaránacht sraith dréachtchonclúidí ón gComhairle maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas tríd an maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn.

2. Rinne an Mheitheal um Cheisteanna Sóisialta na conclúidí sin a scrúdú an 14 Iúil agus an 10 Meán Fómhair 2025.

3. Thángthas ar chomhaontú i bprionsabal maidir leis an dréacht-téacs mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo é[1].

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe na dréachtchonclúidí san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo a chur ar aghaidh chuig Comhairle EPSCO lena bhformheas ag an seisiún a bheidh aici an 17 Deireadh Fómhair 2025.

[1] Rinneadh mionathruithe teicniúla ar an téacs.

**IARSCRÍBHINN**

**Cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas**
**tríd an maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn**

**Dréacht-Chonclúidí ón gComhairle**

**AGUS É Á THABHAIRT DÁ hAIRE AICI:**

1. Tá an tAontas Eorpach fothaithe ar luachanna dhínit an duine, na saoirse, an chomhionannais agus na hurraime do chearta an duine agus tá sé tiomanta do chomhrac an idirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhoras míchumais mar a leagtar amach sa Chonradh ar an Aontas Eorpach, sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

2. In 2021, ba dhíol sásaimh do Chomhairle an Aontais Eorpaigh an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 ('Straitéis an Aontais Eorpaigh um Míchumas')[2] agus d'fhormhuinigh sí í. Tacaíonn an Straitéis le cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD), atá tugtha i gcrích ag an Aontas agus daingnithe ag na Ballstáit uile, chomh maith le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe prionsabal 17 de, ina leagtar béim ar a thábhachtaí atá an cuimsiú sóisialta agus comhdheiseanna do dhaoine faoi mhíchumas.

3. Luaitear i Straitéis an Aontais Eorpaigh um Míchumas gur cheart do na Ballstáit agus d'institiúidí agus gníomhaireachtaí uile an Aontais riachtanais daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh agus beartais, reachtaíocht agus cláir chistiúcháin á gceapadh, á gcur chun feidhme agus á bhfaire, trí ghníomhaíocht spriocdhírithe agus trí phríomhshruthú. Cuirtear dearcadh trasnach chun cinn léi freisin.

[2] 9749/1/21 REV1

4. Cumhdaítear an ceart chun maireachtáil go neamhspleách in Airteagal 19 de UNCRPD, lena gceanglaítear ar na Stáit is Páirtithe bearta éifeachtacha a dhéanamh chun go mbeidh daoine faoi mhíchumas in ann an ceart chun maireachtáil go neamhspleách a theachtadh go hiomlán, agus go ndéanfar iad a lánchuimsiú sa phobal agus go mbeidh siad rannpháirteach ann. San Fhógra ón gCoimisiún, Treoir maidir le maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa phobal i gcomhthéacs chistiú an Aontais (‘Treoir ón gCoimisiún maidir le Maireachtáil Neamhspleách’) soláthraítear moltaí praiticiúla do na Ballstáit maidir le cistiú ón Aontas a úsáid chun tacú le hinfheistíochtaí agus le hathchóirithe struchtúracha chun maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus chun tacú le hiarrachtaí náisiúnta agus réigiúnacha chun UNCRPD a chur chun feidhme.

5. Meastar go raibh breis agus milliún duine faoi mhíchumas faoi bhun 65 bliana d’aois, agus níos mó ná dhá mhilliún duine faoi mhíchumas os cionn 65 bliana d’aois, ina gcónaí in institiúidí san Aontas de réir thaighde 2020[3][4]. D’ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá na Ballstáit ag céimeanna éagsúla maidir le dálaí maireachtála neamhspleáiche a fhorbairt. Dá thoradh sin, tá bacainní fós roimh go leor daoine faoi mhíchumas maidir lena gceart a fheidhmiú go hiomlán chun cinntí a bhaineann lena saol a roghnú agus smacht a bheith acu orthu, lena n-áirítear cá háit, conas agus cé lena bhfuil siad ina gcónaí. Dá bhrí sin, tá gá le tuilleadh iarrachtaí ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, chun a áirithiú go dteachtfaidh daoine faoi mhíchumas go hiomlán a gceart chun cónaí sa phobal ar bhonn comhionann le daoine eile.

---

[3] An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus Grammenos, S., *COVID-19 and persons with disabilities – Statistics on health, care, isolation and networking* [COVID-19 agus daoine faoi mhíchumas — Staidreamh maidir le sláinte, cúram, leithlisiú agus líonrú].

[4] Tugann taighde le fios go bhfuil méadú leanúnach tagtha ar líon na leanaí, na ndaoine fásta agus na ndaoine scothaosta faoi mhíchumas in institiúidí cónaithe le blianta beaga anuas, *Eurofound (2024), Paths towards independent living and social inclusion in Europe* [Conairí i dtreo maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú sóisialta san Eoraip], *Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.*

6. Chun daoine faoi mhíchumas a chuimsiú go hiomlán sa phobal agus chun leithlisiú nó leithscaradh ón bpobal a chosc, tá sé ríthábhachtach seirbhísí tacaíochta pobal-lárnacha, mar shampla, cúnamh pearsanta, cinnteoireacht thacaithe agus líonraí tacaíochta a sholáthar go leordhóthanach, go comhtháite agus go leanúnach. Tá gá le bearta freisin chun dul i ngleic le bacainní leanúnacha a chuireann bac ar rochtain daoine faoi mhíchumas ar bhonn comhionann le daoine eile ar sheirbhísí agus saoráidí pobail don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear ar áiteanna cónaithe inrochtana agus neamhscartha, a d'fhéadfadh a bheith i bhfoirmeacha iomadúla, ó theaghaisí aonair go socruithe comhchónaithe agus cineálacha éagsúla tionóntachtaí.

7. Tá sé ríthábhachtach tacú le fostaíocht ardcháilíochta agus dálaí oibre cothroma in earnáil an chúraim, chun gairmiúlú an chúraim a fheabhsú, chun seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh ar ardchaighdeán a sholáthar agus chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scileanna agus ar ghanntanais lucht saothair. Ag an am céanna, agus aitheantas á thabhairt freisin don ról suntasach a bhíonn ag mná mar chúramóirí neamhfhoirmiúla, ba cheart do na Ballstáit cúramóirí neamhghairmiúla a shainaithint ar bhealach níos fearr agus tacú leo ina ngníomhaíochtaí cúraim trí bhearta, mar shampla, an ceart chun faoisimh do chúramóirí agus do sheirbhísí tacaíochta.

8. Cuirtear bac ar iarrachtaí maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas a áirithiú mar gheall ar bhacainní ar rochtain ar sheirbhísí cúraim shóisialta agus sláinte, ar oideachas agus cúram na luath-óige, ar oideachas agus oiliúint, ar fhostaíocht, ar chultúr, ar spórt agus ar ghníomhaíochtaí fóillíochta ar bhonn comhionann le daoine eile, lena n-áirítear mar gheall ar easpa inrochtaineachta agus cóiríocht réasúnta sna réimsí sin. Ar an gcúis sin, tá sé tábhachtach a áirithiú go mbeidh seirbhísí agus saoráidí pobail atá ar fáil don phobal i gcoitinne ar fáil freisin ar bhonn comhionann do dhaoine faoi mhíchumas agus go bhfreagraíonn siad ar a riachtanais. Mar a luadh in UNCRPD, le cur i bhfeidhm phrionsabail an deartha uilíoch maidir le seirbhísí agus timpeallachtaí nua a chruthú, cothaítear rochtain chomhionann do chách agus laghdaítear an spleáchas ar oiriúnuithe a rinneadh níos déanaí.

9. Tá ról ríthábhachtach ag teicneolaíocht chúnta inacmhainne agus réitigh theicneolaíocha inrochtana nuálacha maidir le maireachtáil neamhspleách a éascú, mar shampla trí ghléasanna agus bogearraí a fhorbairt agus a chur ar fáil lena n-éascaítear cumarsáid, soghluaisteacht agus rochtain ar fhaisnéis, trí chúram sa bhaile agus cianchúram a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear i gceantair thuaithe agus iargúlta. Ina theannta sin, is réamhriachtanas í inrochtaineacht teicneolaíochtaí agus seirbhísí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear trí scileanna digiteacha a fhorbairt, chun a áirithiú gur féidir le daoine faoi mhíchumas a gcearta a fheidhmiú, lena n-áirítear an ceart chun tuairimí a nochtadh, agus gur féidir leo dul i ngleic lena bpobail gan aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar a rannpháirtíocht sa tsochaí. Chuige sin, rannchuidíonn an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta, le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí AccessibleEU, le feabhas a chur ar inrochtaineacht san Aontas.

10. Bíonn tionchar díréireach ag géarchéimeanna ar dhaoine faoi mhíchumas, rud a chuireann go minic leis na leochaileachtaí agus na neamhionannais atá ann cheana. Tá bacainní fós roimh dhaoine faoi mhíchumas a chuireann cosc orthu tairbhe iomlán a bhaint as freagairt éigeandála agus rochtain iomlán a fháil uirthi ar bhonn comhionann le daoine eile, agus leanann dearadh agus seachadadh an chúnaimh gan a bheith in oiriúint go leordhóthanach dá riachtanais. Tá sé tábhachtach freisin aghaidh a thabhairt ar an ábhar imní sin, lena n-áirítear trí phleananna éigeandála, i gcomhthéacs maireachtáil neamhspleách a chumasú.

11. Ba cheart na cineálacha iomadúla forluiteacha idirdhealaithe agus míbhuntáiste a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do dhaoine faoi mhíchumas a chur san áireamh sna bearta chun maireachtáil neamhspleách a chur chun cinn. Is minic a bhíonn bacainní, réaltachtaí agus riachtanais éagsúla ag mná, leanaí agus daoine scothaosta faoi mhíchumas go háirithe, agus tá siad i mbaol méadaithe eisiaimh. Is minic gur mó a bhíonn mná agus cailíní faoi mhíchumas i mbaol foréigin, díobhála nó mí-úsáide, faillí nó cóireála faillíche, drochíde nó dúshaothraithe. Dá bhrí sin, chun a rannpháirtíocht iomlán agus chomhionann i ngach réimse agus a gceart chun maireachtáil sa phobal ar bhonn comhionann le daoine eile a chur chun cinn, ní mór aird ar leith a thabhairt agus bearta oiriúnaithe a dhéanamh mar fhreagairt ar a riachtanais shonracha.

**IARRANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AR NA BALLSTÁIT, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, agus cúinsí náisiúnta á gcur san áireamh, an méid seo a leanas a dhéanamh:**

12. Bearta a cheapadh nó a fheabhsú a thuilleadh chun maireachtáil neamhspleách daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn i gcomhréir, de réir mar is iomchuí, leis an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 agus chun na hoibleagáidí in UNCRPD agus go háirithe iad siúd a leagtar amach in Airteagal 19 a chomhlíonadh.

13. Agus beartais, straitéisí agus gníomhaíochtaí á n-ullmhú, leas a bhaint as an eolas agus na dea-chleachtais atá ann cheana, agus an cur chuige a léirítear i dTreoir an Choimisiúin maidir le Maireachtáil Neamhspleách á chur san áireamh, go háirithe maidir le húsáid éifeachtach chistiú an Aontais chun maireachtáil neamhspleách do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn agus, i gcás inarb ábhartha, úsáid a bhaint as an tacaíocht a chuireann an lárionad acmhainní AccessibleEU ar fáil.

14. Tacú le hidirghabhálacha chun cur ar chumas daoine faoi mhíchumas maireachtáil go neamhspleách sa phobal, lena n-áirítear trína áirithiú go mbeidh áiteanna cónaithe inrochtana, inacmhainne agus neamhscartha ar fáil agus tríd an tacaíocht is gá a chur ar fáil chun maireachtáil go neamhspleách, agus roghanna an duine aonair á n-urramú agus imthosca agus riachtanais an duine aonair á gcur san áireamh.

15. Feabhas a chur ar an gcomhairliúchán le daoine faoi mhíchumas agus a rannpháirtíocht ghníomhach a chur chun cinn ar gach leibhéal i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus i bhfaireachán na ngníomhaíochtaí agus na mbeartas a bhaineann leo, lena n-áirítear trína n-eagraíochtaí ionadaíocha.

16. Rochtain ar sheirbhísí tacaíochta duinelárnacha agus inacmhainneacht na seirbhísí sin a chur chun cinn, mar shampla cúnamh pearsanta, teicneolaíocht chúnta, teicneolaíochtaí agus seirbhísí inrochtana faisnéise agus cumarsáide, cinnteoireacht thacaithe agus córais tacaíochta eagraithe (e.g. piarthacaíocht, ionaid mhaireachtála neamhspleácha agus socruithe maireachtála tacaithe).

17. A áirithiú go mbeidh na seirbhísí atá ar fáil don phobal i gcoitinne ar fáil freisin, go mbeidh siad inrochtana, inacmhainne, cuimsitheach agus inoiriúnaithe do dhaoine faoi mhíchumas agus go soláthrófar iad ar bhealach comhordaithe.

18. Oiliúint a chur ar fáil do sholáthraithe seirbhíse chun tacaíocht duinelárnach agus soláthar seirbhísí sa phobal a éascú, d'fhonn tacú leis an maireachtáil neamhspleách i gcomhréir le UNCRPD.

19. Daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear cónaitheoirí reatha institiúidí agus a dteaghlaigh, a chur ar an eolas faoina gcearta, faoina dteidlíochtaí agus faoina roghanna maidir le háiteanna cónaithe agus an tacaíocht agus an treoir is gá a thairiscint sa phróiseas cinnteoireachta, lena n-áirítear trí phleananna aonair agus bainistiú cásanna.

20. Infhaighteacht áiteanna cónaithe inacmhainne, inrochtana, cuimsitheacha, neamhscartha agus sábháilte i bpobail a mhéadú, i gcás inar gá, chun easpa dídine agus díothacht tithíochta a chosc agus chun maireachtáil neamhspleách a éascú.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN EORPACH AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

21. Agus aird á tabhairt, de réir mar is infheidhme, ar na barúlacha deiridh maidir leis an dara agus an tríú tuarascáil thréimhsiúil chomhcheangailte ón Aontas Eorpach de Choiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, díriú go leanúnach ar mhaireachtáil neamhspleách a chur chun cinn agus a áirithiú agus tionscnaimh agus gníomhaíochtaí á gcur i láthair mar chuid den dara leath den Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 agus líontar aon bhearnaí beartais atá fós ann, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta agus d'éagsúlacht na gcóras sna Ballstáit.

22. Agus tionscnaimh agus gníomhaíochtaí á n-ullmhú, dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara ábhartha agus páirt ghníomhach a thabhairt dóibh, go háirithe daoine faoi mhíchumas trína n-eagraíochtaí ionadaíocha agus tríd an ardán Eorpach do dhaoine faoi míchumas.

23. Measúnú a dhéanamh ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh teicneolaíochtaí cúnta agus ar an ngá atá le gníomhaíocht bhreise maidir le hincháilitheacht agus deimhniú táirgí chun rochtain ar theicneolaíochtaí cúnta a fheabhsú agus chun saorghluaiseacht na dteicneolaíochtaí sin a éascú.

24. Fothú acmhainneachta, foghlaim fhrithpháirteach agus malartú dea-chleachtas idir na Ballstáit a chur chun cinn agus a éascú, i gcomhar le heagraíochtaí ionadaíocha daoine faoi mhíchumas, chun an tuiscint ar an gcur chuige maidir le cearta an duine i leith cuimsiú míchumais a neartú, ar an mbonn eolais maidir le réimsí ar nós inrochtaineacht agus maireachtáil neamhspleách, lena n-áirítear cúnamh pearsanta do dhaoine faoi mhíchumas, agus bealaí chun feabhas a chur ar dhálaí oibre in earnáil an chúraim agus tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla agus cúntóirí pearsanta.

25. Le rannpháirtíocht Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA), na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus Eurofound, feabhas a chur ar infhaighteacht sonraí imdhealaithe de réir inscne, agus anailís a dhéanamh ar na sonraí sin, maidir le staid na ndaoine faoi mhíchumas a bhfuil socruithe maireachtála éagsúla acu ar fud an Aontais, lena n-áirítear ó thaobh cháilíocht saoil agus cuimsiú sa phobal agus a gcostais agus a dtairbhí coibhneasta, agus é mar aidhm leis sin tuiscint níos fearr a fháil ar na bacainní agus ar na tosca ratha maidir le maireachtáil neamhspleách a áirithiú, agus roghanna, imthosca agus riachtanais an duine aonair á gcur san áireamh.

26. Oibriú i dtreo príomhshruthú córasach míchumais i gcomhréir le UNCRPD i mbeartais uile an Aontais agus trí bhearta atá cuimsitheach ó thaobh míchumais de agus inrochtaineachta a chomhtháthú, i gcás inarb ábhartha, i bpríomhstraitéisí an Aontais mar shampla Straitéis um Aontas na hUllmhachta, an Plean Gníomhaíochta a bheidh ann amach anseo maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, an Plean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne a bheidh ann amach anseo, Straitéis an Aontais i gcoinne na bochtaineachta a bheidh ann amach anseo, agus nuair a bheidh straitéis comhionannais inscne neamhspleách an Aontais á ceapadh amach anseo don tréimhse tar éis 2025, chun a áirithiú go rachaidh siad chun tairbhe do dhaoine faoi mhíchumas agus go gcuirfear san áireamh gur gá bacainní a bhaint agus idirdhealú a dhéantar ar dhaoine faoi mhíchumas a chomhrac.

27. Treoirlínte cuimsitheacha a fhorbairt atá oiriúnaithe do gach cineál lagaithe (lena n-áirítear lagú fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach), maidir leis an dóigh le gníomhú i gcásanna éigeandála, agus maidir leis an gcaoi le hinrochtaineacht agus cuimsiú a áirithiú, agus maidir le hoiliúint do chéad fhreagróirí chun cineálacha éagsúla laguithe a aithint agus conas gníomhú dá réir sin.

---

<u>**Iarscríbhinn a ghabhann leis an IARSCRÍBHINN**</u>

## Tagairtí

### 1. Leibhéal idirinstitiúideach an Aontais

Colún Eorpach na gCeart Sóisialta
An Coimisiún Eorpach: an Ardrúnaíocht, *Colún Eorpach na gCeart Sóisialta*,
Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2017.

### 2. Reachtaíocht an Aontais

Treoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha,
IO L 303, 2.12.2000, lgh. 16-22.

Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach ag comhlachtaí na hearnála poiblí,
IO L 327, 2.12.2016, lgh. 1-15.

Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí,
IO L 151, 7.6.2019, lgh. 70-115.

### 3. Comhairle an Aontais Eorpaigh

Moladh ón gComhairle an 8 Nollaig 2022 maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach inacmhainne ardcháilíochta 2022/C 476/01 (13948/2022/INIT),
IO C 476, 15.12.2022, lch. 1-11.

Conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis um Chearta Daoine faoi mhíchumas, 2021-2030 (9749/1/21 REV1).

Conclúidí ón gComhairle maidir le daoine faoi mhíchumas a chuimsiú sa mhargadh saothair (15134/22).

Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa – 'Tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas' (15575/23).

Conclúidí ón gComhairle maidir le cuimsiú sóisialta daoine faoi mhíchumas a chothú trí fhostaíocht, freastal réasúnta agus athshlánú (16543/24).

4. **Parlaimint na hEorpa**

*The EU Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030 — Achievements and perspectives* [Straitéis an Aontais maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030 - an méid atá bainte amach agus peirspictíochtaí], an Roinn Beartais um Chearta na Saoránach agus um Ghnóthaí Bunreachtúla, an Ard-Stiúrthóireacht um Beartais Inmheánacha, PE 767.095 - Samhain 2024.

5. **An Coimisiún Eorpach**

Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach dar teideal *A Union of Equality:Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030], COM (2021) 101 final.

An Coimisiún Eorpach, Treoraíocht maidir le maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú daoine faoi mhíchumas sa phobal i gcomhthéacs cistiú ón Aontas, COM C(2024) 7897 final.

An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú agus Grammenos, S., *COVID-19 and persons with disabilities — Statistics on health, care, isolation and Network* [Staidreamh maidir le sláinte, cúram, leithlisiú agus líonrú], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2021.

An Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú, *Report on access to essential services in the EU – Commission staff working document* [Tuarascáil maidir le rochtain ar sheirbhísí fíor-riachtanacha san Aontas – Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2024.

6. **Eurofound**

Eurofound (2024), *Paths towards independent living and social inclusion in Europe* [Conairí i dtreo maireachtáil neamhspleách agus cuimsiú sóisialta san Eoraip], Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg.

**7. Na Náisiúin Aontaithe**

Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

Barúil Ghinearálta Uimh. 5 (2017) ó Choiste UNCRPD maidir le hAirteagal 19 - an ceart chun maireachtáil go neamhspleách agus a bheith rannpháirteach sa phobal.

Barúlacha deiridh maidir leis an dara agus an tríú tuarascáil thréimhsiúil chomhcheangailte ón Aontas Eorpach, Coiste na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, CRPD/C/AE/CO/2-3.